

Múscail do mhisneach, a Bhanbha

[Eoin Cathmhaolach Mac Giolla Eáin, *Dánta Amhráin is Caointe Seathrúin Céitinn*, p. 70-6]

1 Múscail do mhisneach, a Bhanbha,  
breathnuigh feasta fórlann t'uilc,  
in bhur bhfaill ar feadh an fhill-se,  
ná caill seadh a luinn-se luirc.

2 Do himreadh ort feall go fiadhnach,  
má do fealladh ar fhonn fós,  
gearradh mín ar mheall do bhrághad  
do shín tar fheall námhad nós.

3 Móide is gránna gráin a ngníomha,  
Gaedhil féin ar fhearaibh Fáil  
d'imirt an fheill ghoimhigh ghránna,  
cinn oirir is cána cáigh.

4 An chlann dá dtug thír an Tailghinn  
tabhach córa ar chlannaibh Gall  
gér bh'iad na togha ba throime,  
níor bh'iad rogha a cloinne an chlann.

5 Acht clann mheillteach ar a máthair,  
mic gan chás i gcríochaibh liag  
cá tacair an tighe othrais,  
nathair nimhe an ocras iad.

6 An chlann tar iocht d'imirt feille  
ar a máthair, miste a gcion,  
do dhiól cill is tuath is tearmann,  
a bhfuath linn ní mearbhalla mion.

7 Ar scáth ríthe do shír cogadh,  
do chuir cún re creideamh dil,  
tar éis móide do mheasc connradh  
móide is leasc a lonnradh libh.

8 Clann Israel uair 'san Éigipt  
fá anbhroid nirt námhad Dé  
go mbriocht ngléis-ionnláin ngeas ndorchra,  
Éisiomláir deas tolcha Dé.

9 Iar dteacht trí Mhuir Ruadh chum réidhtigh,  
ród nár bhealach roimhe riamh,  
sléibhte tonn le taobh a slighe  
raon a mbonn re gile grian,

10 Ród 'nar báthadh buidhne borba,  
do bhí i dtóir go treathan ngarbh,  
gan lot airm, gan choingleic gcéimeann,  
maidhm oirdheirc na mbéimeann mbalbh.

11 Gan an Coimhdhe do chosc d'fheartaibh  
gur fhear firmeint fearadh fras,  
i ndíol do phroinn an plúr neamhdha,  
an roinn úr ba bhreaghtha blas.

12 Gach blás ba mhian leis gach macaomh  
ar an manna dá mheas féin.  
Fuarsad catha na gceann srianach  
fleadh na flatha riarrach réidh.

13 Gan duadh, gan tseisrigh, gan tsaothar,  
sásadh proinne ag pobal mhór,  
ag an lucht a líon an fhásaign  
ní bhíodh tar an lá-sain lón.

14 Gur ghabh déistin ria ndrúcht nimhe  
neoide bochta buidhne Dé,  
mar gur domblas an drúcht nuaghair,  
tormas fá bhrúcht uabhair é.

15 “Uchán! gan againn ón Éígypt,  
oinniuin gharga is gáirleog dhoirbh,  
gach meacan, gach lus do leath-sain,  
deacair i bhffus d'easbaidh oirn!”

16 Rádh na dtruaghán gan taoim céille,  
gur chíorrbhaidh Dia an pobal práis,  
Pobal d'fhior-fhuil is cóir chuige  
le díoghaill mhóir bhruide is báis.

17 Clann Israel is í Éire,  
Éígypt eile a géibheann gann,  
a Muir Ruadh 's a fearta féile,  
bearta a buadh ar ghléire Gall.

18 A bplúr neamhdha anuas ón bhfirmeint  
Eaglais Dé 'na dealradh féin,  
lón gan locht, gan díosc, gan daidhbhreas,  
i gcorp Críost le saidhbhreas séin.

19 A sógh gan duadh, gach dálil chabhra  
'na cionn tig ó iocht na bhfeart,  
muir is thír, Dia agus duine,  
cia díobh nach tuile ag teacht?

20 Lus Éigipte is meithe meacan  
modha claona an chreidimh chlé,  
is bearta gníomha gan ghriangha  
díogha reachta is riaghla ré.

21 Fonn Eabhrach i bhfiadhuil Éigipt  
fondh ar chomhairle do chóidh (Consilium Supremum)  
d'fhiadhuil bhréin an chreidimh cholaigh,  
teibidh céim ón chonair chóir.

22 An fonn céadna i measc ár macaomh,  
móir an baoghal a bheith fós,  
eagail an tan 'nar thréig Éire,  
méid do ghabh 'na tréidhe ar dtós.

23 'S móir an náire i n-ainim fhíréin  
d'aicme dár dhual gliocas glinn,  
réasúin stáit ag stiuir a n-eathar,  
i n-áit iuill nach creachach cill.

24 Tug ró a bhfuinn i bhfonn na cille,  
coinnle-báidhte ar buidhnibh trá,  
bhias 'gá gcloinn i ngruadhaibh gasta,  
mar roinn uadhaibh lasta lá.

25 Mairg dá dtiocfadh tár an domhain  
do dhul ar iath Gaedhil ghlais,  
mar ba dú do shíor ar síolradh  
do chlú gníomh ón ríoghraídh fhrais.

26 Meas éithigh nó eitigh chreidimh,  
mar chlú ar ndul na cainte i gcéin,  
re thír 'na ghlór ghnáth dá chasadh,  
fáth badh lór le lasadh léin.

27 Tré tháir drúchta neimhe i n-allód,  
is nuimhir Eabhrach iar n-éag,  
a dtár úr do chrádh nár chosmhail,  
a lán súl do ghasraídh Ghréag.

28 Tré tháir chuirp choisreactha an Choim(h)dheadh,  
ceist nac fuasclann foircheann cáigh,  
acht má's measa fíor ná fíoghar,  
's neasa díon ná díoghal dáibh.

29 Caraid Lúiteir locaid Cailbhín,  
cóir a locadh, líomhtha a nimh,  
Uchán! amhairc sonn an sciamhach,

malairt na ndonn riabhach ribh.

30 Creideamh Críost re creideamh Lúitear,  
laoch do bhanna Belsabúb,  
curtha a-rís a riadaradh reachta,  
iadhadh grís a sneachta súd.

31 Gaois an domhnáin deise a léaxa,  
leimhe d'fhiadhain Íosa a dháil,  
gibé ris gach aimsir imgheas,  
is é d'aimsigh imreas áigh.

32 T'aire riot, a Oileáin Éireann,  
féach, a thruaghnaidh, treise ar thuit,  
ná leig níos sia suim i mí-mheas,  
cia dod chloinn bhus díleas duit.

33 Don chloinn, ba chlaon i gcúis chreidimh,  
's i gcás dísle Dia do spíd,  
obthar libh go bruinne an bhrátha  
gach gin chloinne tláthá tríd.

34 Ar son bheith do mhacaibh Míleadh,  
ná meas ionnraic iad a-mháin,  
féach trá ann do dheirbh-fhine is dile  
dá cheinn-bhile tighe Táil.

35 Ar son scáile do scaith creideamh,  
creidte gníomh roimh chaint is cairt,  
ón chomhairle aird ar éirim,  
ro-dhoilghe, a mhairg, d'Éirinn Airt.

36 Ar son chonailbhe nó combáidh,  
nach ceanglann subhailce sluagh,  
acht le gaol fola nó feola,  
dona an chaor nach beodha buan.

37 Ar son chreidimh go dian díreach,  
gan dul seach anonn ná a-nall,  
a dteadhma tar tháin do thionnlaic,  
dáil na feedhna is ionnraic ann.

38 Ag so an chlann is clann dárríribh,  
riu so is sínte súgh do chíoch,  
bíodh i gcéim gur b'iad do b'íse,  
is iad féin is dísle díobh.

39 Ní hiad iarras áit ná onóir  
ná an fear thusa do threascradh síos,

t'fhonn is cóir chugtha gan oir-éad,  
dóibh is tugtha a gcoimhéad cíos.

40 Míle go leith sé is seacht bhfichid  
andáil Íosa iar n-uair gan ghó,  
aimsear bhuadha na bhfial bhfeardha,  
ní chuala riamh meanma is mó. MUSCAIL DO MISNEACH.